

Preasráiteas

Ag Éileamh Ár dTodhchaí - Dóchas - The Wheel

Éilíonn an tSochaí Shibhialta fócas úr ar Chomhionannas, ar Rialachas agus ar Inbhuanaitheacht

21 Aibreán 2013

LE HEISIÚINT LÁITHREACH

An réamhchoinníoll is tábhachtaí le haghaidh cheannsó bochtaineachta ná comhionannas. Sin a deir comhdháil mhór de ghníomhaigh agus de cheannairí eagraíochtaí na sochaí sibhialta in Éirinn a eagraíodh san RDS an Satharn seo caite.

Ag Éileamh Ár dTodhchaí i gcomhar le **Dóchas** agus leis **An Roth**, a d'eagraigh an imeacht faoin teideal – 'Rianú Spriocanna d'Éire Níos Fearr i Saol Ceart'. Trí phróiseas díospóireachta rinne lucht páirtíochta na comhdhála iarracht cúig thosaíocht a shainiú, a chaitheadh Rialtas na hÉireann a chur chun cinn d'fhonn treoir cheart a dhéanamh ar théarnamh Eorpach agus Domhanda chomh maith le forbairtí amach anseo, ar chosán atá ceart agus inbhuanaithe.

Tiomantas don chomhionannas i ngach réimse – geilleagrach, sóisialta agus polaitiúil – b'shin an phríomhthosaíocht a roghnaíodh.

"Is amhlaidh go bhfuil na polasaithe reatha ag cur le neamhionannas in Éirinn, ar fud an Aontais Eorpaigh agus sa domhan mór. Chun todhchaí níos fearr a chinntiú do chách is gá dúinn tosaíochtaí agus spriocanna a leagan amach sna réimsí sin is mó a rialaíonn mianach saoil daoine. Ón bplé a rinne daoine ag an imeacht seo, is léir nach féidir dul chun cinn a dhéanamh maidir le leas daoine, le fostaíocht ná leis an timpeallacht, mura dtéimid i ngleic le neamhionannas, ceann de bhunchúiseanna ár ndeacrachtaí faoi láthair," a dúirt Niall Crowley ón ngrúpa **Ag Éileamh Ár dTodhchaí**.

'Samhlacha Nua Rialachais' an dara tosaíocht a aithníodh ag an imeacht. D'fhonn domhan níos cirte agus níos inbhuanaithe a chruthú ní mór do dhaoine bheith páirteach i gcinnteoireacht phoiblí ag gach leibhéal. Caithfidh cinntí polasaithe agus na rialacha a riarann ár saol bheith níos sofheagraí do riachtanais daoine, go háirithe na daoine is boichte sa tsochaí, le cinntiú gur féidir le daoine a saol a chaitheamh de réir a mianta.

"D'aontaigh an lucht páirtíochta ar chomhfhís de shochaí agus de gheilleagar rafar inbhuanaithe ina léirítear meas ar dhaoine, ina bhfuil comhionannas i réim agus ina mbíonn siad páirteach i gcinntí a n-imríonn tionchar orthu. Is fúinne anois oibriú go láidir le cinntiú go mbeidh na spriocanna seo mar dhlúthchuid den fhís nua d'fhorbairt domhanda atá á dréachtú ag na Náisiúin Aontaithe agus is fúinne freisin a dheimhniú go gcuirfear i bhfeidhm iad i gcomhthéacs na hÉireann," a dúirt Ivan Cooper ón eagraíocht **An Roth**.

An tríú tosaíocht a aithníodh ná cruthú samhala inbhuanaithe d'fhorbairt dhomhanda. D'aithin an lucht páirtíochta an ghéarchéim timpeallachta atá ag carnadh agus an t-ardleibhéal tomhaltais sna tíortha forbartha mar chúiseanna práinneacha imní.

"Faoi láthair úsáidimid coibhéis de phláinéad go leith leis na hacmhainní a ídímid agus an dramhaíl a chruthaímid. Éilíonn an inbhuanaitheacht go gcruthóimis lorg éiceolaíoch coibhéiseach le pláinéad amháin nó níos lú. Níl sé cóir go dtiteann costas stíl mhaireachtála s'againne i dtíortha forbartha ar dhaoine bochta i dtíortha i mbéal forbartha. Tá sé thar am againn samhail nua a chruthú chun sin a chur ina cheart," arsa Hans Zomer ón eagraíocht **Dóchas**.

Tharla an ócáid Dé Sathairn i gcomhthéacs Uachtaránacht na hÉireann ar an AE agus i gcomhthéacs an phróisis dhomhanda chun spriocanna comharbais ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise a aontú, toisc a

dtréimhse siúd a bheith rite i 2015. Ag míniú na gcéimeanna i dtreo creat forbartha domhanda iar-2015 dúirt Zomer:

“Tráth uathúil é seo d’Éire agus don Domhan. Toisc Uachtaránacht an AE a bheith ag Éire, is féidir leis an tír seo tionchar a imirt ar sheasamh an AE san idirbheartaíocht ar spriocanna comharbais ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Is féidir mar sin, tionchar a imirt ar na torthaí a aontófar ag na Náisiúin Aontaithe.”

“Mar chuid den phróiseas seo ag na Náisiúin Aontaithe chuathas i gcomhairle le sochaí shibhialta i ngach tír forbartha beagnach, d’fhonn tosaíochtaí na ndaoine sna tíortha sin a aimsiú. Páirt na hÉireann sa phróiseas comhairliúcháin domhanda seo ab ea imeacht an tSathairn.”

“Tá súil againn go n-éistfear leis na guthanna a labhair ag ócáid an lae inniu, chomh maith leo siúd a labhair ó gach cearn den domhan agus go mbeidh a bhfuil ráite le brath sa chreat forbartha domhanda nua,” arsa Zomer, mar bhailchríoch ar an ócáid.

[CRÍOCH]

Fiosruithe ó na Meáin

Le haghaidh fiosruithe ó na meáin déan teagmháil le hOifig Dóchas:

- Cliona Doyle, World We Want Coordinator, +353 (0) 1 405 3801, +353 87 411 3081, Ríomhphost: Europe@dochas.ie
- Thomas Geoghegan, World We Want Information Officer, +353 (0) 1 405 3801, +353 (0) 86 844 8637, Ríomhphost: Thomas@dochas.ie

Nótaí d’eagarthóirí

- Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar ról Uachtaránacht na hÉireann ar an AE i múnú creata domhanda don fhorbairt ag www.worldwewant.ie
- Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar lucht eagraithe na comhdhála ag www.claimingourfuture.ie, www.thewheel.ie and www.dochas.ie.